# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1650 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Samhain 2020**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint do na tograí ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise.

(2) An 9 Lúnasa 2020, reáchtáladh toghcháin uachtaránachta sa Bhealarúis, ar toghcháin iad a bhfuarthas nach raibh siad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus gur milleadh iad i ngeall ar an mbrú faoi chois a rinneadh ar iarrthóirí neamhspleácha agus ar an gcniogbheartaíocht bhrúidiúil a imríodh ar agóideoirí síochánta i ndiaidh na dtoghchán sin. An 11 Lúnasa 2020, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") dearbhú thar ceann an Aontais inar tugadh an mheasúnacht nach raibh na toghcháin saor ná cóir. Luadh freisin gurbh fhéidir bearta a dhéanamh i gcoinne na ndaoine a bhí freagrach as foréigean, gabhálacha gan údar agus as torthaí na dtoghchán a fhalsú.

(3) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1388 ([2]) inar ainmníodh 40 duine a sainaithníodh a bheith freagrach as cos ar bolg agus imeaglú ar léirsitheoirí síochánta, baill an fhreasúra agus iriseoirí tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020 sa Bhealarúis, agus as an místiúradh a rinne an Coimisiún Lárnach Toghchán ar an bpróiseas toghchánach do na toghcháin sin.

(4) An 24 Meán Fómhair 2020, d'eisigh an tArdionadaí dearbhú thar ceann an Aontais, inar dúradh nach raibh aon dlisteanacht dhaonlathach ag roinnt leis an "insealbhú" mar a tugadh air ná leis an sainordú nua a d'éiligh Aleksandr LUKASHENKO. Athdhearbhaíodh go láidir sa ráiteas go raibh an tAontas ag súil nach ndéanfadh údaráis na Bealarúise tuilleadh cos ar bolg agus foréigin i gcoinne mhuintir na Bealarúise agus go ndéanfaidís gach duine atá á choinneáil, lena n-áirítear príosúnaigh pholaitiúla, a scaoileadh saor láithreach, gan choinníoll.

(5) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis, mar thoradh ar an gcos ar bolg leanúnach ar an tsochaí shibhialta agus ar ghníomhaithe sa fhreasúra, ba cheart Aleksandr LUKASHENKO agus 14 duine eile a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

---

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1388 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise (IO L 319I, 2.10.2020, lch. 13).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. ROTH

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine seo a leanas leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES:

| | Ainmneacha<br>Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise<br>Tras-scríobh an litrithe Rúisise | Ainmneacha<br>(litriú Bealarúisise) | Ainmneacha<br>(litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú |
|---|---|---|---|---|---|
| "45. | Aliaksandr Ryhoravich LUKASHENKA<br>Alexandr Grigorievich LUKASHENKO | Аляксандр Рыгоравіч ЛУКАШЭНКА | Александр Григорьевич ЛУКАШЕНКО | President of the Republic of Belarus (Uachtarán Phoblacht na Bealarúise)<br>Dáta breithe: 30.8.1954<br>Áit bhreithe: Kopys settlement, Vitebsk/Viciebsk Oblast, iar-USSR (Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Ina cháil mar Uachtarán na Bealarúise agus údarás aige ar chomhlachtaí Stáit, tá sé freagrach as cos ar bolg foréigneach a rinne orgáin an stáit roimh thoghchán uachtaránachta 2020 agus ina dhiaidh, go háirithe maidir le hiarrthóirí lárnacha sa fhreasúra a bhriseadh as a bpost, gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta mar aon le himeaglú agus foréigean ar iriseoirí. |
| 46. | Viktar Aliaksandravich LUKASHENKA<br>Viktor Aleksandrovich LUKASHENKO | Віктар Аляксандравіч ЛУКАШЭНКА | Виктор Александрович ЛУКАШЕНКО | Comhairleoir Slándála Náisiúnta don Uachtarán, Comhalta den Security Council<br>Dáta breithe: 28.11.1975<br>Áit bhreithe: Mogilev/Mahiliou (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Ina phost mar Chomhairleoir Slándála Náisiúnta don Uachtarán agus mar Chomhalta den Security Council, chomh maith lena shuíomh neamhfhoirmiúil faireacháin ar fhórsaí slándála na Bealarúise, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas Stáit tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, ar léirsitheoirí síochánta go háirithe mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. |
| 47. | Ihar Piatrovich SERGYAENKA<br>Igor Petrovich SERGEENKO | Ігар Пятровіч СЕРГЯЕНКА | Игорь Петрович СЕРГЕЕНКО | Ceann Foirne ar an Riarachán Uachtaránachta<br>Dáta breithe: 14.1.1963<br>Áit bhreithe: sráidbhaile Stolitsa in Vitebsk/Viciebsk Oblast (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Ina phost mar Cheann Foirne ar an Riarachán Uachtaránachta, tá dlúthbhaint aige leis an Uachtarán agus is é atá freagrach as cur chun feidhme na gcumhachtaí uachtaránachta a áirithiú i réimse na mbeartas intíre agus seachtrach. Mar sin tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka, lena n-áirítear an feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas Stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020. |
| 48. | Ivan Stanislavavich TERTEL<br>Ivan Stanislavovich TERTEL | Іван Станіслававіч ТЭРТЭЛЬ | Иван Станиславович ТЕРТЕЛЬ | Cathaoirleach KGB, iar-Chathaoirleach ar an State Control Committee<br>Dáta breithe: 8.9.1966<br>Áit bhreithe: sráidbhaile Privalki/Privalka in Hrodna/Grodno Oblast (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Ina phost ceannaireachta mar Chathaoirleach ar an State Security Committee KGB agus sa phost a bhí aige mar Chathaoirleach ar an State Control Committee, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas Stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, ar léirsitheoirí síochánta go háirithe mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. |

| | Ainmneacha<br>Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise<br>Tras-scríobh an litrithe Rúisise | Ainmneacha<br>(litriú Bealarúisise) | Ainmneacha<br>(litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú |
|---|---|---|---|---|---|
| 49. | Raman Ivanavich MELNIK<br>Roman Ivanovich MELNIK | Раман Іванавіч МЕЛЬНІК | Роман Иванович МЕЛЬНИК | Ceann an Main Directorate of Law and Order Protection and Prevention ag an Aireacht Gnóthaí Baile<br>Dáta breithe: 29.5.1964<br>Inscne: fireann | Ina phost ceannaireachta mar Cheann an Main Directorate of Law and Order Protection and Prevention ag an Aireacht Gnóthaí Baile, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas Stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde, céasadh san áireamh, ar léirsitheoirí síochánta go háirithe mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. |
| 50. | Ivan Danilavich NASKEVICH<br>Ivan Danilovich NOSKEVICH | Іван Данілавіч НАСКЕВІЧ | Иван Данилович НОСКЕВИЧ | Cathaoirleach ar an Investigative Committee<br>Dáta breithe: 25.3.1970<br>Áit bhreithe: sráidbhaile Cierabličy in Brest Oblast (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Ina phost ceannaireachta mar Chathaoirleach ar an Investigative Committee, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an Coiste tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le himscrúduithe arna seoladh i gcoinne na Coordination Council arna seoladh ag an bhfreasúra chun agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an toghcháin sin agus léirsitheoirí síochánta. |
| 51. | Aliaksey Aliaksandravich VOLKAU<br>Alexey Aleksandrovich VOLKOV | Аляксей Аляксандравіч ВОЛКАЎ | Алексей Александрович ВОЛКОВ | Iar-Chéad-Leas-Chathaoirleach an Investigative Committee, Cathaoirleach an State Committee for Forensic Expertise faoi láthair<br>Dáta breithe: 7.9.1973<br>Áit bhreithe: Minsk, (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Ina phost ceannaireachta mar Chéad-Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee a bhí aige, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an Coiste tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le himscrúduithe arna seoladh i gcoinne na Coordination Council arna seoladh ag an bhfreasúra chun agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an toghcháin sin agus léirsitheoirí síochánta. |
| 52. | Siarhei Yakaulevich AZEMSHA<br>Sergei Yakovlevich AZEMSHA | Сяргей Якаўлевіч АЗЕМША | Яковлевич АЗЕМША | Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee<br>Dáta breithe: 17.7.1974<br>Áit bhreithe: Rechitsa, Gomel Oblast (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Ina phost ceannaireachta mar Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an Coiste tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le himscrúduithe arna seoladh i gcoinne na Coordination Council arna seoladh ag an bhfreasúra chun agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an toghcháin sin agus léirsitheoirí síochánta. |

| | Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise | Ainmneacha (litriú Bealarúisise) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú |
|---|---|---|---|---|---|
| 53. | Andrei Fiodaravich SMAL<br>Andrei Fyodorovich SMAL | Андрэй Фёдаравіч СМАЛЬ | Андрей Федорович СМАЛЬ | Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee<br>Dáta breithe: 1.8.1973<br>Áit bhreithe: Brest (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Agus ról ceannaireachta aige mar Leas-Chathaoirleach ar an Investigative Committee, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an Coiste tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe le himscrúduithe arna seoladh i gcoinne na Coordination Council arna seoladh ag an bhfreasúra chun agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an toghcháin sin agus i gcoinne léirsitheoirí síochánta. |
| 54. | Andrei Yurevich PAULIUCHENKA<br>Andrei Yurevich PAVLYUCHENKO | Андрэй Юр'евіч ПАЎЛЮЧЕНКА | Андрей Юрьевич ПАВЛЮЧЕНКО | Ceann an Operational-Analytical Center<br>Dáta breithe: 1.8.1971<br>Inscne: fireann | Agus ról ceannaireachta aige agus é mar cheann ar an Operational-Analytical Center, tá dlúthbhaint aige leis an Uachtarán agus tá sé freagrach as an gcos ar bolg ar an tsochaí shibhialta, go sonrach maidir leis an nasc le líonraí teileachumarsáide a bhriseadh mar uirlis chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta, ar léirsitheoirí síochánta agus ar iriseoirí. |
| 55. | Ihar Ivanavich BUZOUSKI<br>Igor Ivanovich BUZOVSKI | Ігар Іванавіч БУЗОЎСКІ | Игорь Иванович БУЗОВСКИЙ | Leas-Aire Faisnéise Dáta breithe: 10.7.1972<br>Áit bhreithe: sráidbhaile Koshelevo Grodno/Hrodna region (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Agus ról ceannaireachta aige mar Leas-Aire Faisnéise, tá sé freagrach as an gcos ar bolg ar an tsochaí shibhialta, go sonrach maidir le cinneadh na hAireachta Faisnéise deireadh a chur leis an rochtain ar shuíomhanna gréasáin neamhspleácha agus an rochtain idirlín sa Bhealarúis a theorannú tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, mar uirlis chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta, ar léirsitheoirí síochánta agus ar iriseoirí. |
| 56. | Natallia Mikalaeuna EISMANT<br>Natalia Nikolayevna EISMONT | Наталля Мікалаеўна ЭЙСМАНТ | Наталья Николаевна ЭЙСМОНТ | Preas-Rúnaí Uachtarán na Bealarúise<br>Dáta breithe: 16.2.1984<br>Áit bhreithe: Minsk, (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Sloinne roimh phósadh: Kirsanova (RU: Кирсанова) nó Selyun (RU Селюн)<br>Inscne: baineann | Ina cáil mar Phreas-Rúnaí Uachtarán na Bealarúise, tá dlúthbhaint aici leis an Uachtarán agus tá sí freagrach as gníomhaíochtaí meán an Uachtaráin a chomhordú, lena n-áirítear ráitis a dhréachtú agus taispeántaí poiblí a eagrú. Mar sin tá sí ag tacú le réimeas Lukashenka, lena n-áirítear an feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fearas an Stáit tar éis thoghchán uachtaránachta 2020. Go háirithe, leis na ráitis phoiblí a rinne sí a chosain an tUachtarán agus a cháin gníomhaithe sa fhreasúra mar aon le léirsitheoirí síochánta, a rinneadh tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, chuidigh sí leis an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis. |

| | Ainmneacha Tras-scríobh an litrithe Bealarúisise Tras-scríobh an litrithe Rúisise | Ainmneacha (litriú Bealarúisise) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú |
|---|---|---|---|---|---|
| 57. | Siarhei Yaugenavich ZUBKOU<br>Sergei Yevgenevich ZUBKOV | Сяргей Яўгенавіч ЗУБКОЎ | Сергей Евгеньевич ЗУБКОВ | Ceannasaí ar Alfa Unit<br>Dáta breithe: 21.8.1975<br>Inscne: fireann | Agus ról ceannaireachta aige ar fhórsaí Alfa Unit, tá sé freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a chuir na fórsaí sin ar bun tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. |
| 58. | Andrei Aliakseevich RAUKOU<br>Andrei Alekseevich RAVKOV | Андрэй Аляксеевіч РАЎКОЎ | Андрей Алексеевич РАВКОВ | Iar-Státrúnaí ar an Security Council<br>Dáta breithe: 25.6.1967<br>Áit bhreithe: sráidbhaile Revyaki, Vitebsk/Viciebsk Oblast (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Agus é ina iar-Státrúnaí ar an Security Council, tá dlúthbhaint aige leis an Uachtarán agus tá sé freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a chuir fearas an Stáit ar bun tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. |
| 59. | Pyotr Piatrovich MIKLASHEVICH<br>Petr Petrovich MIKLASHEVICH | Пётр Пятровіч МІКЛАШЭВІЧ | Петр Петрович МИКЛАШЕВИЧ | Cathaoirleach ar an Constitutional Court of the Republic of Belarus<br>Dáta breithe: 18.10.1954<br>Áit bhreithe: Minsk Oblast (iar-USSR, Belarus sa lá atá inniu ann)<br>Inscne: fireann | Agus é ina Chathaoirleach ar Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bealarúise, tá sé freagrach as cinneadh na Cúirte Bunreachtúla a glacadh an 25 Lúnasa 2020, trínar dlisteanaíodh torthaí na dtoghchán calaoiseach. Ar an gcaoi sin, thacaigh agus d'éascaigh sé gníomhartha i bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe fhearas an Stáit i gcoinne léirsitheoirí síochánta agus iriseoirí agus tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis.". |